2025.M24T

2025L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Dé hAoine 6 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí do gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aistí **320 marc**

Ní mór tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a bheith san áireamh:

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.


## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. An Timthriall Teicteonach**




Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar gníomhaíocht theicteonach agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén cineál feachta a thaispeántar ag **A**?


(ii) Ainmnigh an próiseas atá ag tarlú ag **B**.

(iii) Ainmnigh an ghné, a thaispeántar ag **C**, agus a fhoirmítear ag an áit a dtagann an dá phláta le chéile.

(iv) Ainmnigh sraith an domhain ag **D**, ina bhfuil an maintlín uachtarach agus an screamh.

**[8m]**

## 2. Gné a Aithint




Arna chur in oiriúint ó OSI

Scrúdaigh an sliocht thuas as léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na gnéithe a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** orthu ar an léarscáil thuas leis an téarma is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Comloch | |
| Airéit | |
| Draenáil chraobhach | |
| Fána chuasach | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(a) Is gnéithe iad eascracha a fhoirmítear mar thoradh ar shil-leagan dobhar-oighreach.


Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Tá patrúin de dhraenáil neamhordúil coitianta i limistéir ina mbíonn sil-leagan oighreach.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**3. Tírdhreach Carstach**




Arna chur in oiriúint ó dalesrocks.org

Scrúdaigh an léaráid de thírdhreach carstach thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Plána cisealúcháin | |
| Clint | |
| Lapiés | |
| Gríog | |

(ii) Ainmnigh cineál **amháin** síonchaithimh cheimicigh.

(iii) Luaigh cad is brí leis an téarma *carraig thréscaoilteach*.

**[8m]**

**4. Carraigeacha**

Sa bhosca focal thíos tá bunábhair carraigeacha, bruthcharraigeacha / carraigeacha dríodair agus carraigeacha meiteamorfacha. Scrúdaigh an bosca focal agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

| | | |
|---|---|---|
| Carraig leáite | ~~Marmar~~ | Grianchloichít |
| Gaineamhchloch | Basalt | ~~Aolchloch~~ |
| ~~Sliogáin agus cnámha éisc~~ | Siosta | Gaineamh |

(i) Cuir an téarma is oiriúnaí as an mbosca focal isteach i ngach sraith chun an tábla thíos a chomhlánú. Bain úsáid as gach téarma uair amháin. Tá an chéad sraith comhlánaithe duit.

| **Bunábhar** | **Bruthcharraig/Carraig Dhríodair** | **Carraig mheiteamorfach** |
|---|---|---|
| Sliogáin agus cnámha éisc | Aolchloch | Marmar |
| | | |
| | | |

(ii) Luaigh **dhá** thoisc is cúis le carraigeacha a thiontú ina gcarraigeacha meiteamorfacha.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**[8m]**

5. **Ollghluaiseacht**













Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A, B, C** agus **D** leis na próisis ollghluaiseachta is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos.

| Próiseas | Litir |
|---|---|
| Ithirthéaltú | |
| Maidhm charraige | |
| Maidhm shneachta | |
| Lahar | |

(ii) Luaigh **dhá** thoisc ar bith a mbíonn tionchar acu ar oibriú próiseas ollghluaiseachta.

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |

**[8m]**

**6. Coincheap an Réigiúin**

Scrúdaigh an t-eolas sa bhosca focal thíos a bhaineann le cineálacha, samplaí agus suíomhanna ginearálta réigiún.

Cuir an téarma is oiriúnaí as an mbosca focal sa spás is fearr a mheaitseálann é sa tábla chun an tábla thíos a chomhlánú.  Tá sraith amháin comhlánaithe duit.

| | | |
|---|---|---|
| Imchuach Pháras | ~~An Iodáil~~ | Cúige Laighean |
| Co. Chiarraí | An Fhrainc An Ghearmáin | Daingean Uí Chúis |
| Gleann an Ruhr | ~~An Róimh~~ | Sléibhte Chill Mhantáin |

| Cineál Réigiúin | Sampla sainiúil den réigiún | Suíomh ginearálta |
|---|---|---|
| Réigiún uirbeach | An Róimh | An Iodáil |
| Réigiún cultúrtha (Teanga) | | |
| Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíoch ar siúl | | |
| Réigiún geomoirfeolaíoch | | |
| Croí-réigiún | | |

**[8m]**

**7. Scileanna léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don *Independent Holiday Hostel* in Uachtar Ard.

(ii) Ríomh gar-achar (ina km$^2$) Loch Coirib atá le feiceáil ar an sliocht as an léarscáil.

(iii) Tomhais fad (ina km) an Iarnróid, atá Bainte Anuas ó M 150 402 go dtí an áit a mbuaileann sé le hOirlíne 08 ag M 080 416.

(iv) Cén cineál limistéir chultúrtha atá le fáil siar ó Oirlíne 06, atá imlínithe ag an líne bhuí aibhsithe?

**[8m]**

**8. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Uachtar Ard agus an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an abhainn a thaispeántar san aerfótagraf.

(ii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don séipéal atá suite sa tulra láir san aerfótagraf.

(iii) Ainmnigh an príomhbhóthar a théann ón tulra ar chlé trí lár an talaimh láir san aerfótagraf.

(iv) Cén treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a tógadh an t-aerfótagraf?

**[8m]**

**9.** **Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d’Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo agus na híomhánna Google Street View ón limistéar céanna d’Uachtar Ard.














Agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat, tabhair an suíomh ar an aerfótagraf ina bhfuil gach ceann de na limistéir a thaispeántar sna híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** sa tábla thíos.

| Íomhá Google Street View | Suíomh ar an Aerfótagraf |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**[8m]**

**10. Aimsir**




Scrúdaigh an Chairt Anailíse Dromchla de chuid Met Éireann thuas ina dtaispeántar Stoirm Ashley (2024) agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard é an brú (ina hPa/mb) i lár an chórais lagbhrú ag **X**?

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.
Tá sé tuartha go mbeidh leibhéil arda frasaíochta agus gaotha láidre in Oirthear na hEorpa.


Fíor ☐ Bréagach ☐

(iii) Cén t-ainm a thugtar ar línte ar chairt aimsire a cheanglaíonn áiteanna a mbíonn an brú céanna iontu?

(iv) Ainmnigh an cineál fronta aimsire atá timpeall ar Stoirm Ashley.

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas a bhaineann leis an nGaeilge agus Oideachas, ó Dhaonáireamh 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén náisiúntacht ina bhfuil an céatadán is airde de dhaoine, atá in ann an Ghaeilge a labhairt nach saoránaigh Éireannacha iad?

(ii) Cé mhéad duine sa suirbhé a dúirt nach labhraíonn siad an Ghaeilge go maith?

(iii) Fuarthas amach i nDaonáireamh 2022 go raibh daonra iomlán na hÉireann cothrom le 5,149,139.


Ríomh an céatadán de dhaonra iomlán na hÉireann a bhfuil oideachas triú leibhéal críochnaithe acu.

(iv) Luaigh bealach **amháin** a bhféadfadh rialtas na hÉireann labhairt na Gaeilge a spreagadh.

**[8m]**

**12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**

Ceannach carranna in Éirinn in 2020 agus in 2024 de réir cineál breosla




Arna chur in oiriúint ón bPríomh-Oifig Staidrimh

Scrúdaigh na píchairteacha thuas ina dtaispeántar ceannach carranna in Éirinn in 2020 agus in 2024 de réir cineál breosla agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán (%) de na carranna a ceannaíodh in 2020 ar charranna leictreacha iad?

(ii) Ríomh **X**, an céatadán (%) de charranna hibrideacha a ceannaíodh in 2020.

(iii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Is é an díosal an t-aon chineál breosla a dtaispeántar laghdú ar a cheannach ó 2020 go dtí 2024.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(iv) Mínigh go hachomair bealach **amháin** chun úinéireacht carranna leictreacha a spreagadh.

**[8m]**


# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin sna sceitsí, sna graif agus sna léaráidí**.**

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 6 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Tíreolaíocht

## Cuid 2

## Ardleibhéal

Dé hAoine, 6 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:20

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit **CEITHRE** cheist a fhreagairt. Ní mór duit ceist amháin as trí cinn de na ranna thíos a fhreagairt.

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceist 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceist 13-24)

Is féidir an ceathrú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

**ROINN 1**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh i gceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar iomlán Loch Coirib
- Cúrsa Abhainn Ruibhe (*Owenriff river*) ó M 089 417 go dtí an áit a dtéann sí isteach i Loch Coirib
- Loch Bhoth Bhuí (*Buffy Lough*)
- Cúrsa iomlán bhóthar an N59.

**[20m]**

**1B. Carraigeacha agus Tírdhreacha**

Scrúdaigh an dóigh a gcruthaítear tírdhreacha sainiúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**


**1C. Iseastatacht**

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh ar mhúnlaigh an iseastatacht tírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. An Timthriall Teicteonach



Bhí brúchtadh Hunga Tonga-Hunga Ha'apai, bolcán faoin uisce, ar an 15 Eanáir 2022 ar cheann de na brúchtaí ba mhó a cláraíodh riamh. Chuir an brúchtadh tús le tonnta súnámaí suas go dtí 15m ar airde a bhuail cósta thiar Tongatapu, 'Eua agus Ha'apai. Thit luaithreach ar limistéar cúig chiliméadar cearnach ar a laghad.
De thoradh an damáiste a rinneadh don teileachumarsáid idirnáisiúnta agus intíre a bhí faoin bhfarraige is beag eolas a bhí ar fáil as Tonga i ndiaidh an bhrúchta. Thuairiscigh fórsaí cosanta na hAstráile agus na Nua-Shéalainne go ndearnadh damáiste suntasach do thithe, bóithre, seirbhísí uisce agus bonneagar eile. An bolcán agus an súnámaí ba chúis le bás ceathrair, a dúradh. Easáitíodh thart ar 3,000 duine díreach ina dhiaidh ach d'fhill a bhformhór ar a bpobail féin níos deireanaí.

Arna chur in oiriúint ó www.reliefweb.int

Scrúdaigh an íomhá agus an téacs thuas a bhaineann leis an mbrúchtadh bolcánach i dTonga agus an súnámaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén airde, ina méadair, a bhí ag na tonnta súnámaí?

(ii) Tabhair tionchar **amháin** a bhí ag an mbrúchtadh agus ag an súnámaí ar oileáin Thonga.

(iii) Cé mhéad duine a fuair bás mar thoradh ar an mbrúchtadh bolcánach agus an súnámaí?

(iv) Luaigh **dhá** bhealach inar féidir brúchtaí bolcánacha a thuar.

(v) Is féidir le crith talún tús a chur le súnámaí freisin. Ainmnigh uirlis **amháin** a úsáidtear chun gníomhaíocht chreatha talún a thomhas.

(vi) Mínigh go hachomair **dhá** bhealach a bhféadfaí tionchar creathanna talún a theorannú.

**[20m]**

### 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an dóigh a dtéann **próiseas an tsil-leagain** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** tírghné cósta **amháin nó** tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.


**[30m]**

### 2C. Síonchaitheamh

Mínigh próiseas síonchaithimh fhisicigh **amháin agus** próiseas síonchaithimh cheimicigh **amháin**. **[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Tírghnéithe Cósta




Arna chur in oiriúint ó www.purposegames.com

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe a foirmíodh mar thoradh ar phróisis chósta agus a bhfuil na lipéid **A, B, C, D, E** agus **F** orthu.

(ii) Ainmnigh **dhá** phróiseas a bhaineann go sainiúil le creimeadh cósta.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonn-athraonadh.*

**[20m]**

### 3B. Idirghníomhiú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

### 3C. Forbairt Tírghné

Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag ceann **amháin** díobh seo a leanas ar fhorbairt tírghnéithe:

- Filleadh
- Éascadh.

**[30m]**

**ROINN 2**

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha d'**Éirinn**.

Ar an léarscáil sin, taispeáin **agus** ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de réigiún ainmnithe **amháin**
- Lárionad uirbeach ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Imchruth de ghné rilífe ainmnithe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**[20m]**

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil**

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**4C. An tAontas Eorpach**

Mínigh **gach** ceann de na dúshláin seo a leanas atá roimh an Aontas Eorpach faoi láthair:


- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin gheilleagracha.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. An tAontas Eorpach

Iarrthóirí Tearmainn den Chéad Uair san Aontas Eorpach (AE) de réir na dtíortha a shroich siad (Eanáir agus Meitheamh 2024)




Arna chur in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an graf thuas ina dtaispeántar Iarrthóirí Tearmainn den Chéad Uair i dtíortha roghnaithe san Eoraip, i mí Eanáir agus i mí an Mheithimh 2024, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír a fuair an líon ab airde iarratas nua sa tréimhse a thaispeántar?
(ii) Cén tír a fuair níos mó iarratas nua i mí an Mheithimh i gcomparáid le mí Eanáir?
(iii) Cé mhéad iarratas nua den chéad uair a fuair Éire i mí Eanáir 2024?
(iv) Ríomh meán na n-iarratas tearmainn i mí Eanáir sna tíortha a thaispeántar.
(v) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an imirce ard isteach san AE.
(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann an tAontas Eorpach as an imirce mhéadaithe.
(vii) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh an Aontas Eorpach mar thoradh ar leibhéil arda inimirce.

**[20m]**

### 5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí treasaí **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Concheap an Réigiúin

Scrúdaigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as an aeráid **nó** as an ngeomoirfeolaíocht chun réigiúin a shainmhíniú agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Fostaíocht Chósta in Éirinn

Fostaíocht chósta in earnáil an bhia mara i réigiúin in Éirinn in 2022

| Réigiún | Daonra cósta | Fostaíocht Chósta | Fostaíocht in earnáil an bhia mara | An Céatadán den Fhostaíocht Chósta in earnáil an bhia mara |
|---|---|---|---|---|
| **An Tuaisceart** | 74,989 | 27,488 | 3,736 | 14 |
| **An tIarthuaisceart** | 64,059 | 25,328 | 1,773 | 7 |
| **An tIarthar** | 64,704 | 27,034 | 1,690 | 6 |
| **An tIardheisceart** | 90,323 | 36,718 | 2,095 | 6 |
| **An Deisceart** | 115,533 | 49,815 | 3,169 | 6 |
| **An tOirdheisceart** | 91,681 | 36,467 | 1,602 | 4 |
| **An tOirthuaisceart** | 83,775 | 36,139 | 1,238 | **X** |
| **Poblacht na hÉireann** | 585,064 | 239,989 | 15,303 | 6 |

Arna chur in oiriúint ó bmi.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas faoi earnáil an bhia mara i réigiúin in Éirinn in 2022, agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén réigiún ina raibh an daonra cósta ab airde?
(ii) I réigiún an oirdheiscirt, cén céatadán (%) den fhostaíocht chósta a bhí in earnáil an bhia mara?
(iii) Ríomh **X**, an céatadán (%) den fhostaíocht chósta atá in earnáil an bhia mara i réigiún an oirthuaiscirt.
(iv) Ainmnigh **dhá** réigiún ina raibh an céatadán (%) den fhostaíocht chósta níos airde ná an meán náisiúnta.
(v) Ainmnigh **dhá** chalafort iascaireachta in Éirinn.
(vi) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh earnáil an bhia mara.

**[20m]**

### 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 6C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 7

**7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- An galfchúrsa
- An t-Ionad dearctha
- An rotharbhealach in iarthuaisceart na léarscáile
- Limistéar foraoise ó dheas de thuaidhlíne 40.

**[20m]**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt agat do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna
- Suíomh na aonad próiseála
- Suíomh na margaí.

**[30m]**

**7C. Coilíneachas**


Scrúdaigh na dúshláin atá ann de bharr an choilíneachais agus atá roimh gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Giniúint Leictreachais

Giniúint Leictreachais in Éirinn de réir foinse (%) in 2012 agus 2022




Scrúdaigh na cairteacha thuas ina dtaispeántar giniúint leictreachais in Éirinn de réir foinse (%) in 2012 agus in 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén fhoinse bhreosla ba mhó do ghiniúint leictreachais in Éirinn in 2022?

(ii) Cén fhoinse bhreosla ba lú do ghiniúint leictreachais in Éirinn in 2012?

(iii) Ainmnigh **dhá** fhoinse do ghiniúint leictreachais a laghdaigh ó 2012 go 2022.

(iv) Cén céatadán (%) de mhéadú a tháinig ar an ngaoth mar fhoinse do ghiniúint leictreachais ó 2012 go 2022?

(v) Ríomh **X**, an céatadán (%) den leictreachas a gineadh ó ghual in 2022.

(vi) Seachas hidrea-chumhacht agus an ghaoth, ainmnigh foinse **amháin** eile d'fhuinneamh in-athnuaite.

(vii) Mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhaineann le breoslaí iontaise a úsáid do ghiniúint leictreachais.

**[20m]**

### 8B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha

Agus fianaise ó léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo á húsáid agat, pléigh an acmhainneacht d'fhorbairt na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil agus tagairt agat dóibh seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Seirbhísí (seachas iompar)
- Nithe is díol spéise.

**[30m]**

### 8C. Beartas an Aontais Eorpaigh

Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag beartas/beartais an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. HDI – Ionchas Saoil

Meánionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) in 2023

| Ilchríoch | Ionchas Saoil |
|---|---|
| An Afraic | 63 |
| An Áise | 74 |
| An Eoraip | 78 |
| Meiriceá Thuaidh | 76 |
| An Aigéine | 79 |
| Meiriceá Theas | 74 |

Arna chur in oiriúint ó statista.com

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar meánionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) de réir ilchríche in 2023, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil is ísle san Afraic.

**[20m]**

### 9B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Scrúdaigh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas ar fhorbairt tionscal gan chuing **nó** ar sheirbhísí airgeadais **nó** ar ollturasóireacht i ngeilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tosca fisiceacha
- Tosca polaitiúla
- Tosca daonna.

**[30m]**

### 9C. Fuinneamh In-athnuaite

Agus tagairt á déanamh agat d'fhoinse fuinnimh in-athnuaite **amháin** faoi leith, mínigh na buntáistí a bhaineann leis an bhfoinse fuinnimh in-athnuaite sin maidir le **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Buntáistí geilleagracha
- Buntáistí comhshaoil.

**[30m]**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf d'Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh mar is ceart gach ceann díobh seo a leanas:

- Páirc spóirt
- Droichead
- Séipéal
- Eastát tithíochta sa tulra.

**[20m]**

**10B. Pleanáil Uirbeach**

Scrúdaigh a éifeachtaí is atá straitéisí pleanála uirbí chun **dhá** cheann de na fadhbanna uirbeacha seo a leanas a réiteach agus bíodh tagairt agat do cheanta(i)r uirbeach(a) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Truailliú
- Iompar
- Tithíocht.

**[30m]**

**10C. Imirce**


Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí daonra ar reigiúin bhronntacha agus ar réigiúin ghlactha.

Scrúdaigh, agus úsáid á baint agat as sampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu, tionchar **amháin** a bhíonn ag an imirce ar réigiúin bhronntacha **agus** tionchar **amháin** a bhíonn ag an imirce ar réigiúin ghlactha.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Daonra




Arna chur in oiriúint ó cso.ie

Scrúdaigh pirimid an daonra thuas ina dtaispeántar struchtúr dhaonra na hÉireann, de réir Dhaonáireamh 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán (%) de bhaineannaigh a thuairiscítear a bheith san aoisghrúpa 70-74?

(ii) Cén aoisghrúpa ina bhfuil an líon is mó d'fhireannaigh agus de bhaineannaigh?

(iii) Cé a mhaireann níos faide ar aghaidh sa tseanaois, fireannaigh nó baineannaigh? Tabhair píosa **amháin** fianaise as an bpirimid chun tacú le do fhreagra.

(iv) Cén ceann díobh seo a leanas a sheasann don chéatadán (%) neasach d'fhireannaigh agus de bhaineannaigh in aois 65 agus os a chionn: 11% **nó** 15% **nó** 19%?

(v) Mínigh go hachomair an bhrí atá leis an téarma *Cóimheas Cleithiúnais*.

(vi) Mínigh go hachomair iarmhairt **amháin** a bhaineann leis an méadú réamh-mheasta ar chóimheas cleithiúnais na hÉireann.

**[20m]**

**11B. Teoiric an Lárionaid**

Tabhair cur síos agus míniú ar Theoiric an Lárionaid agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

**11C. Dinimic Daonra**

Scrúdaigh an éifeacht/tionchar a bhíonn ag ceann **amháin** ar bith díobh seo a leanas ar leibhéil athraithe daonra, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Forbairt acmhainní
- Sochaí agus cultúr
- Teicneolaíocht.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Oidhreacht

Láithreáin Oidhreachta Domhanda UNESCO de réir tíre

| Tír | Líon Láithreán |
|---|---|
| An Bhealarúis | 4 |
| An tSile | 7 |
| An Éigipt | 7 |
| An Ungáir | 8 |
| An Íoslainn | 3 |
| Éire | 2 |

Arna chur in oiriúint ó UNESCO.org

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar líon na Láithreán Oidhreachta UNESCO i dtíortha roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair tairbhe **amháin** a bhaineann le láithreán oidhreachta a bheith i limistéar uirbeach.

**[20m]**

### 12B. Dáileadh Lonnaíochta

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis d’Uachtar Ard a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, tabhair míniú ar an éagsúlacht i ndáileadh na lonnaíochta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil.

**[30m]**

### 12C. Fairsingiú Uirbeach

De réir mar a fhásann agus mar a fhairsingíonn cathracha bíonn tionchar acu ar na limistéir timpeall orthu.

Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

## ROINN 4

## ROGHAONAID

## Ceist 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag cinntí sóisialta agus polaitíochta agus tagairt agat do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Dídeanaithe eacnamaíochta agus polaitiúla
- Patrúin imirce
- Ceisteanna cearta daonna.

**[80m]**

**14.** Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumasú daoine.

Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- Fiachas Náisiúnta
- Cláir chúnaimh
- Leibhéil dúshaothraithe ag scálaí logánta agus domhanda
- Róil inscne éagsúla sa tsochaí.

**[80m]**

**15.** Scrúdaigh forbairt inbhuanaithe mar shamhail don fhorbairt sa todhchaí.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag **trí** cinn ar bith de na próisis seo a leanas ar shaintréithe ithreach:

- Síonchaitheamh
- Podsalú
- Cailciú
- Creimeadh ithreach.

**[80m]**

**17.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag ábhar mianrach, aer, uisce agus ábhar orgánach ar fhorbairt ithreach.

**[80m]**

**18.** Athraíonn gníomhaíocht an duine bithóim. Scrúdaigh an ráiteas sin agus tagairt agat do **gach ceann** de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Leagan na bhforaoisí trópaiceacha báistí
- Dianchleachtais talmhaíochta
- Forbairt thionsclaíoch.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh tábhacht an reiligiúin mar tháscaire cultúir.

**[80m]**

**20.** Scrúdaigh an dóigh a bhféadfadh grúpaí cultúrtha éagsúla maireachtáil taobh istigh de náisiúnstáit, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[80m]**

**21.** 'Tá a lán tosca ilchineálacha ann a shainmhíníonn ionannas cultúrtha'.

Scrúdaigh an ráiteas sin agus tagairt agat do chás-staidéar de réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Déan cur síos ar fhoirmiú gach ceann díobh seo a leanas **agus** déan plé ar an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar phatrúin aimsire:

- Lagraigh sna domhanleithid láir
- Frithchioclóin
- Leoithní gaoithe ar tír agus ar muir.

**[80m]**

**23.** Tabhair cuntas ar an dóigh a dtomhaistear feiniméin i gcomhshaol an atmaisféir agus na n-aigéan (e.g. an brú, an teocht, an ghaoth agus an bhogthaise) agus scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le tomhais mar iad.

**[80m]**

**24.** Scrúdaigh an dóigh a mbíonn tionchar ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine, 6 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:20